# Scéal, Scéal, Scéal...





## Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

**Instagram: @pleanteangachoisfharraige**
**Twitter: @PleanTeangaCF**
**Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige**

25 Meitheamh 2020

## CRANNCHUR AR SON MOLLI

Bhailigh Cogaslann an Bhreathnaigh, sa Spidéal €3,969 le deireanaí de bharr crannchur a reáchtáil siad ar son **'Le Chéile do Molli'.** Bhí ciseán, lán go béal le duaiseanna áille le buachan, ó tháirgí scéimhe go dearbháin ó ghnólachtaí áitiúla ar nós An Spailpín Fánach, sa gCeardlann agus Gruaig Ghalánta agus Áilleacht sna Forbacha. Bhí foireann na cogaslainne ar bís leis an toradh agus bhí ríméad orthu go raibh siad in ann cúnamh a thabhairt do Mholli agus a muintir. Comhghairdeachas!



## EACHTRAÍ SAM

Baineadh geit as criú bád iascaigh nuair a tháinig siad i gcabhair ar Sam, madra áitiúil a theith ó bhaile nuair a scanraigh an toirneach é le gairid. Tarrtháladh Sam bocht idir Baile an tSléibhe, Ros a' Mhíl agus An Cheathrú Rua. Cé gur tháinig ionadaí ón GSPCA ar an láthair le Sam a bhailiú, tháinig faitíos air arís agus rith sé leis arís. In Indreabhán a tarrtháladh é an dara babhta agus tá sé lena mhuintir ar an gCeathrú Rua anois! Is féidir tuilleadh a leámh faoi ag www.tuairisc.ie.

## DEISEANNA CRUTHAITHEACHA LE TG4 & MOLSCÉAL

Tá **Molscéal** ag tairiscint conradh isteach 's amach ar €150,000 in aghaidh na bliana le hábhar a sholáthar dóibh. Comhlachtaí atá lonnaithe i gceantar Gaeltachta a d'fhéadfadh scéalta áitiúla a thabhairt chun solais atá ag teastáil. Is ar líne a léireofar na scéalta. Leagtar béim ar - "chroí phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge" agus is scéalta don phobal sin atá uathu. Cé gur scéalta astu féin a bheadh i gceist go hiondúil, d'fhéadfaí sraitheanna scéalta a chur le chéile freisin. Táthar ag díriú go sonrach ar lucht féachana óg, faoi 25 bliana. Táthar ag glacadh le hiarratais faoi láthair, agus is féidir breis eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le Lís Ní Dhálaigh nó le Deirdre Ní Choistín ag TG4 (091 505050).

MOLSCÉAL

## *APPLE* AGUS GAEILGE

Foilsíodh dea-scéala le gairid, ó thaobh Gaeilge de, i réimse na nuatheicneolaíochta. Mar chuid de na forbairtí nua atá beartaithe ag *Apple*, beidh ceartú uathoibritheach don Ghaeilge ar fáil ar a gcuid táirgí cumarsáide ach a bhfoilseofar iOS 14. Cé go bhfuil an Ghaeilge ar fáil cheana féin, níl an tseirbhís uacheartaithe ar fáil faoi láthair. Táthar ag súil go mbeidh an tseirbhís ar fáil sa bhFómhar. Ní bheidh leithscéal ar bith againn ansin!

## ÓID DON LÚCHÁIRE

Thug **Ceoltóirí Óga Chois Fharraige** cuairt ar Áras Chois Fharraige ar an Domhnach 21 Meitheamh, Lá Ceoil na hEorpa, le páirt a ghlacadh i bhfeachtas idirnáisiúnta a reáchtáladh le ómós a léiriú d'oibrithe cúraim agus sláinte agus do mhuintir an tí altranais go háirid. Chas siad **'Óid don Lúcháire'**, a chum Beethoven, a casadh díreach mar a rinne ceoltóirí agus amhránaithe ar fud na tíre agus ar fud na cruinne go deimhin. Chruinnigh buíon eile i gCeardlann an Spidéil, áit ar casadh an fonn le liricí a chum Treasa Ní Cheannabháin. Thug Éabha Mae, gar-iníon Threasa, tionlacan ealaíonta do na hamhránaithe ar na píopaí uilinn. Ghlac sé chéad míle duine, ar fud an domhain, páirt ann, pobal Chois Fharraige ina measc. Is féidir na taispeántais a fheiceáil ar Facebook.



## DOIRSE CHOIS FHARRAIGE AG ATHOSCAILT

Le gnólachtaí Chois Fharraige ag athoscailt, de réir a chéile, fé mar a maolaítear na srianta sóisalta, ba bhreá linn cúnamh a thabhairt agus an focal a scaipeadh maidir lenár gcairde san earnáil ghnó. Mar sin, déan teagmháil le Katie ag optchoisfharraige@gmail.com nó ar an bhfón: 083 010 6294 má tá dea-scéala agat féin le fógairt!


## RANGANNA EALAÍONA AR LÍNE

Ta cúrsa péinteála, ar líne, ar siúl ag Póilín Nic Géidigh, i gcomhar le **NÓS**. Foilsítear na físeáin chuile sheachtain ar *Instagram*, ag am lóin. Deis iontach atá ann rud éigin deas, suimiúil agus taitneamhach a dhéanamh le linn an lae oibre agus rud nó dhó a fhoghlaim freisin! Is féidir eolas a fháil ar *Instagram*: @nosmag



## SLÁN LE RANG A 6

D'fhág slua páistí ón gceantar slán le Rang a Sé an tseachtain seo agus iad ar a mbealach chuig scoileanna dara leibhéil. In ainneoin na srianta, tháinig scoileanna an cheantair ar bhealaí éagsúla le críoch na bunscolaíochta a mharcáil dá gcuid daltaí,mór-rang Zúm agus físeáin a léirigh turas an ndaltaí thríd na scoile thar ocht mbliana ag cuid acu. Cuireann an Fóram a ghuth féin leis na beannachtaí ar na gasúir seo agus súil againn a bheith i bpáirt leo i dtionscadail éagsúla amach anseo. Treise libh!



## SCÉIM SPARÁNACHTA D'EALAÍONTÓIRÍ


Tá an Scéim Sparánachta d'Ealaíontóirí, ó Ealaín na Gaeltachta ar oscailt anois. Is do ealaíontóirí gairmiúla an scéim seo le deis a thabhairt d'ealaíontóirí a bhfuil cónaí orthu sa nGaeltacht am a chur ar fáil dóibh lena gcuid cleachtais a chur chun cinn. Tabharfar tús áite d'ealaíontóirí nua, ach d'fhéadfaí maoiniú a cheadú do dhaoine a fuair cheana é, ag braith ar an gcineál saothair a bheadh i gceist. Tá critéir éagsúla ag baint leis an scéim, a léirítear ar líne. Tá an t-eolas breise seo le fáil ar an suíomh idirlín: www.ealain.ie/sceim-sparanachta.





## GNÍOMHAÍOCHTAÍ SA MBAILE AR LEIC AN TEALLAIGH...

**Má tá eolas agat ar ghníomhaíochtaí nó acmhainní ar mhian leat iad a fhógairt anseo, déan teagmháil le Katie ar 083 010 6294 nó is féidir r-phost a sheoladh chuici: optchoisfharraige@gmail.com**

Seolfar Galway Film Fleadh an tseachtain seo, ar an Déardaoin 24ú @ 8i.n. Seolfar clár na féile ar líne i mbliana agus is féidir é a fheiceáil ar an suíomh idirlín:[www.galwayfilmfleadh.com](http://www.galwayfilmfleadh.com)




Tá **MADRA** agus **Molscéal** tagtha le chéile le deireanaí le nodanna agus comhairle a thabhairt dúinn, ó thaobh traenála de. Is féidir na físeáin a fheiceáil ar leathanach Facebook Molscéal. Tugtar deis dúinn léargas a fháil ar dea-oibre na heagraíochta. Tá siopa carthanais MADRA oscailte arís anois sna Forbacha agus iad ag súil go mór le cuairteoirí.







Tá físeán foilsithe ag **Muintearas Óige** a léiríonn treoracha le lampa laibhe a dhéanamh le hearraí a bheadh ag abaile! Gníomh an-suimiúil le triáil! Tá an físeán le fáil ar FB: MuinterasFíseáin







Seoladh lógó oifigiúil **Traidphicnic 2020** le deireanaí. Táimid ag súil go mór leis an bhféile a bheas ar líne i mbliana ar an 3-5 Iúil.

## GRÁ LE LINN PAINDÉIME

Cuirfear tús le **Le Ceangal,** sraith nua drámaíochta, go luath ar IGTV agus cuntas YouTube BLOC TG4. Scéal faoi Aoife i mBaile Átha Cliath agus Declan i nGaillimh agus iad ag iarraidh caidreamh a chothú agus a fhorbairt in ainneoin na dianghlasála atá ann! Is é Oisín Mistéil, a cheap agus a stiúraigh agus is é Paddy Hayes a léirigh an tsraith. Is í Eva-Jane Gaffney atá i bpáirt Aoife agus 'sé Eoin Ó Dubhghaill, as an gCoill Rua, atá i bpáirt Declan. Ocht gclár a bheidh ann, ceann in aghaidh na seachtaine. Cuirfear tús leis an gclár ar an Aoine 26ú Meitheamh. Guímis gach rath ar an gclár agus a fhoireann!

